

## Polasaí Sábháilteachta Choláiste Árainn Mhóir

### Maoirseacht/Sábháilteacht scoláirí ag Taisteal ó Bháile Átha Cliath go dtí Áilt an Chorráin

**Beidh beirt cheannaire ar a laghad ag taisteal ar gach bus. Beidh carr ag taisteal an turais go dtí Áilt an Chorráin ag an am céanna le múinteoirí ann.**

#### **Dualgaisí : Sula n-imíonn an bus**

1. Bí cinnte go bhfuil bagáiste uilig sa bhus.
2. Bí cinnte go bhfuil cuntas beacht déanta ar na páistí sa bhus.
3. Coinnigh an bealach éalaithe práinneach glan ó bhagáiste ar chúl an bhus.
4. Bí cinnte go bhfuil crois sábhála ceangailte ag na daltaí sula mbogann an bus agus i rith an turais.

#### **Ar an bhealach.**

1. Cinntigh go bhfuil gach duine béasach múinte.
  2. Tabhair aire do dhuine ar bith atá tinn.
  3. Tabhair aire do dhalta ar bith atá gan cara.
  4. Nuair a stopann sibh don bhriseadh déan cuntas ar na daltaí ag fágáil agus ag teacht ar ais. Bí cinnte go dtuigeann siad cén t-am a chaithfidh siad filleadh.
- \* Ná himigh gan na daltaí go léir.**
5. Níl cead ag daltaí an bus a fhágáil ach ag na hIonaid réamh shocraithe. I gcás práinneach tinnis, caithfidh an cinnire an bus a fhágáil leis an scolaire agus fanacht leis/léi in áit shábháilte.

**Ba cheart don chinnire an bus a fhágáil ar dtús agus seasamh ag an doras go mbíonn an bus folamh.**

#### **Nuair a schroicheann sibh Ailt an Chorráin**

1. Caithfidh na daltaí a mbagáiste féin a thabhairt go dtí taobh an ché.
2. Coinnigh le chéile iad ansin.
3. Déan cinnte nach bhfuil aon rud fágtha ar an bhus.
4. Coinnigh na daltaí le chéile ar thaobh amháin den ché.

### **Maoirseacht/Sábháilteacht scoláirí ar an Bhád**

**Nuair a bhíonn na scoláirí ag taisteal ar an bhád farantóireachta bíonn múinteoirí ag taobhanna an bháid le cinntiú nach bhfuil na scoláirí in aon chontúirt. Níl cead ag na scoláirí taisteal ar an bhád farantóireachta leo féin. Caithfidh múinteoir, cinnire nó tuismitheoir a bheith leo.**

## Maoirseacht/Sábháilteacht scoláirí ag siúl ó thithe lóistín ar scoil agus ar ais.

- Siúlann na scoláirí, atá in aon teach lóistín le chéile ón teach lóistín chomh fada leis an scoil. Siúlann siad duine ina mbeirteanna ar thaobh na láimhe deise den bhóthar. Nuair atá carr ag teacht ba cheart do na scoláirí seasamh isteach i líne go nimíonn an carr ar aghaidh.
- Ligtear na scoláirí amach ina ngrúpaí beaga tar éis ranganna na maidne le cinntiú nach mbíonn slua mór ar na bóithre ag aon am.

Scoil na Léibe Rang 1 \_\_\_\_\_ Ionad Fiontraíochta Rang 1 \_\_\_\_\_  
Rang 2 \_\_\_\_\_ Rang 2 \_\_\_\_\_  
Rang 3 \_\_\_\_\_ Rang 3 \_\_\_\_\_  
Rang 4 \_\_\_\_\_  
Rang 5 \_\_\_\_\_

### Scoil Athphóirt:

Rang 1 \_\_\_\_\_  
Rang 2 \_\_\_\_\_  
Rang 3 \_\_\_\_\_

- Déanann na múinteoirí maoirseacht ar fhágáil na scoile.
- Bíonn cinnirí ar na bóithre.
- Níl cead ag scoláirí siúl ar bhóthar an ghleanna. Caithfear dul abhaile ar bhóthar an ché/Smugglers.
- Caithfear fanacht ar na príomhbhóthair i gcónaí.
- Meabhraítear na treoracha/rialacha seo go rialta do na scoláirí, le linn an chúrsa.
- Ní ghlactar le haon mhíchúram ná mí-iompar ar na bóithre.
- Caithfidh sliotair agus liathróidí pé acu do pheil, iománaíocht, sacar nó eile, a bheith istigh i mála agus iad á dtabhairt chun páirce.
- Níl aon cead ag scoláire a bheith ar an bhóthar leo féin.
- Níl cead ag scoláire síob a ghlacadh le haon duine ach amháin ball foirne a bhfuil údarás aige/aici chuige sin.

## Maoirseacht/Sábháilteacht scoláirí ag siúl chuig na cluichí tráthnóna

### Baintear úsáid as:

- an pháirc uile aimseartha Ghairmscoil Mhic Diarmada
- na páirceanna imeartha ag an baile saoire
- an clos cispheile Cloch Corr
- an pháirc peile in Áthphort
- trá Áthphoirt
- trá Scoilt na Loinge

Fágann na scoláirí na hionaid ina bhfoirne le cinnire/múinteoir. Leantar gnáthghnásanna rialacha bóthair an choláiste.

## Am Saor

- Bíonn am soar ag na scoláirí tar éis na gcluichí. Tá cead acu chuig na siopaí i ngrúpaí agus pilleadh abhaile don tae ag a sé a chlog.

## Maoirseacht/Sábháilteacht scoláirí ag siúl abhaile óna céilidhe

- Tar éis na céilidhe san oíche ligtear na scoláirí amach ina dtithe le ceannaire sa dóigh is nach mbíonn slua mór ar an bhóthair.
- Bíonn múinteoir amuigh ar an bhóthar le cinntiú go scaipeann na scoláirí go tapaidh.
- Bíonn cinnire ag dul ingach treo leis na scoláirí
- Níl cead ag na scoláirí síob a ghlacadh.
- Tugtar an t-eolais seo do na scoláirí ag tús an chúrsa agus go rialta i rith an chúrsa.
- Déanfaidh múinteoir seic ar gach teach le cinntiú gur sroich na scoláirí abhaile sábháilte.

**Taisteal ar bhusanna: go dtí imeachtaí an choláistí, ar thuras go dtí an séipéil, ar thurais**

Cuirtear bus ar fáil do thithe atá Aistear fada ón choláiste.

- Is é an tiománaí a osclaíonn agus a dhúnann doras an bhus. Níl cead ag scoláirí doras a oscailt nó a dhúnadh
- Seasann na scoláirí i line agus téann siad ar an bhus nuair a fhaigheann siad treoir
- Níl cead ag éinne a bheith ina sheasamh ar an mbus nuair atá an bus ag gluaiseacht.
- Ní cheadaítear níos mó ná duine amháin in aon suíochán
- Caithfear crios sábhála a chaitheamh nuair is ann dó.
- Ní ghlacfar le haon mhí-iompar ná le haon chur isteach ar an tiománaí bus.
- An cinnire/cúntóir a thuirlingíonn ar dtús agus fanann sé ag doras an bhus nó go mbíonn na scoláirí ar fad éirithe amach.
- Meabhraítear na treoracha/rialacha seo go rialta do na scoláirí le linn an chúrsa.

## Maoirseachta ag Ranganna na Maidne

*Scoil na Leibe.*

Is bunscoil é seo atá in úsáid ag muintir an oileáin i rith na bliana. Tá ceithre sheomra ranga in ord mhaith le coras aerú agus coras múchta tine. Tá seomra foirne agus seomra feabhais Tá ceithre dhoras éalaithe sa scoil seo. Osclaíonn na seomraí ranga amach ar phasaiste ina bhfuil leithreas do bhuaichillí agus cailíní.

### ***Scoil Athphoirt.***

Tá trí sheomra ranga, seomra foirne agus seomra fearais sa scoil seo. Tá na seomraí ranga in ord maith le coras aerú agus coras múchta tine. Tá dhá dhoras éalaithe. Osclaíonn na seomraí ranga amach ar phasaiste ina bhfuil na seomraí leithris do bhuaichailí agus cailíní.

### ***Príomhionad an Choláiste, Cloch Corr***

Tá cúig sheomra ranga, seomra stórais, halla iontrála, seomra foirne. Tá ocht leithreas san ionad. Tá na seomraí in ord maith le coras aerú agus coras múchta tine. Tá na leithris ar fad faoi amharc súil na múinteoirí.

Maoirseacht roimh ranganna agus Sosanna na Maidne i ngach scoil/ionad.

- Bíonn múinteoirí agus beirt chinnire i gcónaí ar diútaí roimh am scoile agus i rith na sosanna.
- Níl cead ag scoláirí a bheith sna seomraí ranga gan múinteoir.

### **Maoirseacht ag na Cluichí Tráthnóna**

Bíonn na cluichí ar siúl i gclós Scoil na Léibe, i gclós Scoil Athphoirt, ar thraigh Áthphoirt, páirc peile Áthphoirt, ar thraigh na Léibe, páirc uile aimseartha, clós cispheilei nGairmscoil Mhíc Dhiarmada, Ionad an Chroisbhealaigh, ,i bpáirceanna/ cuart leadóige/ páirc peile an Bhaile Saoire hál an Ghabhann

- Bíonn ardchinnire i bhfeighil gach imeacht faoi mhaoirseacht mhúinteora sa timpeallacht.
- Níl glacadh le haon mhí-iompar ó scoláirí sa Choláiste ná ar pháirc na himeartha.
- Caithfidh na scoláirí i gcónaí, glacadh le treoir agus ordaithe an Phríomhoide agus na múinteoirí, nó an duine/daoine atá ag gníomhú ina n-áit
- Caithfear seomraí ranga, pasaistí, an halla, an clós agus timpeallacht an Choláiste a choinneáil saor ó bhruscar, ar mhaithe le glaineacht agus sábháilteacht coirp agus sláinte
- Cuir do chuid bruscair sa chiseán nó sa bhosca bruscair
- Ní cead scríobh ar bhallaí ná ar shuíocháin an Choláiste ná aon damáiste a dhéanamh dóibh
- Caithfear cluichí agus chuile chineál spóirt a imirt ar bhealach sábháilte, in áit cheadaithe agus de réir gnáthrialacha spóirt agus aon rialacha eile atá leagtha síos ag an Choláiste.

- Caithfear aon trealamh spóirt nó trealamh de chuid an Choláiste a úsáid le cúram agus go sábháilte. Nuair atá tú réidh leis an trealamh, fág mar a fuair tú é.
- Is ceart, i gcónaí, meas a thaispeáint ar chomhscóláirí pé acu sa Choláiste, sa teach lóistín, nó ar pháirc na himeartha atá siad.
- Níl aon ghlacadh le bulaíocht ó aon duine, in aon áit, ag aon am, ar aon duine

## Maoirseacht ag na Céilidhe

### *Ionad an Chrois Bhealaigh*

- An Hall Mór. Tá dhá dhoras éalaithe amach as an halla seo a osclaíonn díreach amach faoin spéir. Tá córas aerú maith. Tá córas múchta tine-soilse éigeandála-éalaithe istigh agus amuigh agus déantar seic orthu go rialta . tá fógraí tine in áit.
- An Halla Beag. Tá dhá dhoras éalaithe anseo.. Tá an trealamh múchta tine in órd. Tá seomra mór thíos an staighre agus úsáidtar seo fá choinne leadóg boird. Tá dhá dhoras éalaithe agus tá an trealamh tine in órd.
- Tá leithris do chailíní agus buachaillí chun frestáil ar an dhá halla.
- Bíonn múinteoir ar diútaí ag gach doras agus é/í freagrach as cuid den halla. Bíonn fear/ bean an tí (múinteoir) agus súil aige/aicí ar an halla iomlán.
- Bíonn cinnirí ar fud an halla i measc na scoláirí.
- Déantar druil tine ag tús an chúrsa agus go rialta i rith an chúrsa.
- Ní fhágann éinne an halla gan cead ó mhúinteoir agus déanann an múinteoir sin seic go dtagann siad ar ais.
- Ag deireadh na hoíche, déantar fógraithe agus socraítear na scoláirí le dul abhaile.
- Féach suas ar Maoirseacht/Sábháilteacht scoláirí ag siúl abhaile óna céilidhe.

## Treoir maidir le Maoirseacht/Sábháilteacht Scoláirí ar an an Trá

Téann na scoláirí ag snámh ar Trá Athphoirt agus Trá Scoilt na Loinge. Is tránna sábháilte iad seo a bhfuil foscadh acu. Tá fána deas réidh de réir mar atá an uisce ag éirí níos doimhne. Tá crios tarrthála ar na tránna seo . Bíonn fearais tarrthála ag foireann an choláiste atá i gceannas

- Níl cead ag aon dalta dul go dtí an trá in aice na farraige, ar aillte no ar chlocha in aice na farraige , ná in aice le haon uisce, am ar bith gan múinteoir in eineacht leo.
- Beidh múinteoirí agus cinnirí san fharraige roimh na daltaí. Déanann na múinteoirí agus cinnirí line san uisce agus níl sé ceadaithe dul níos faide amach ná sin nó níos doimhne ná an bhásta. Is iad na múinteoirí a thugann léid do na scoláirí teacht isteach san uisce agus an uisce a fhágáil ag deireadh an tseisiún.

- Nuair a bhíonn daltaí san fharraige, caithfidh siad snámh comhthreormhar le agus in aice an chladaigh.
- Níl balúin nó bréagáin ceadaithe san uisce.
- Athraíonn cáilíní ar thaobh amháin den trá agus athraíonn na buachaillí ar an taobh eile.
- Níl cead ag scoláirí an trá a fhágáil i gculaith snámha. Caithfidh daltaí a bheith go hiomlán gléasta sula bhfágann siad an trá.
- Siúlann siad díreach abhaile go tithe lóistín de réir treoireacha am saor.

## Treoir maidir le Maoirseacht/Sábháilteacht Scoláirí ag an Fleadh Fhulachta

Cé go gcothaítear atmaisféar cairdiúil spraoiúil ag an fhleá ffulachta tá sé rithábachtach go gcloífeadh gach duine atá páirteach le cód iompair agus le rialacháin

- Tagann na scoláirí go dtí an fleá ffulachta le patrún an tí. Socraítear na scoláirí ina suí ar an trá.
- Bíonn ciorcal múinteoirí idir na scoláirí agus an tine.
- Bíonn ciorcal múinteoirí/ cinnirí ar an chiorcal ar an imeall amuigh. Bíonn cinnirí i measc na scoláirí.
- Níl cead dul in aice na tine.
- Níl cead rith nó siúl thart. Déantar aon bogadh thart faoi stiúr mhúinteora.
- Níl cead gaineamh a chaitheamh.

Ag deireadh na hoíche socraítear na scoláirí ina dtithe féin le múinteoir/ cinnire agus tionlaítear iad go dtí na tithe lóistín nó tugtar síob do na tithe is faide ó bhaile.

## **Cuairteanna O Thuismitheoirí**

- Táthar ag súil go mbeidh tuismitheoirí i gcomhpháirtíocht le Coláiste Árainn Mhóir ar son leas agus sábháilteacht a gcuid páistí agus iad ag dul amach ar cuairt.
- Bíonn cuairteanna ó thuismitheoirí ó 1.00i.n. go dtí 8.00i.n. ar an Sathairn agus ó 2.00i.n. go dtí 8.00i.n. ar an Domhnach.
- Is féidir le tuismitheoirí bualadh le scoláirí ar ché na léibe ar an Satharn agus taobh amuigh den séipéil ar an Domhnach.
- Caithfidh tuismitheoirí teacht go dtí an oilean leis na scóláirí a thógáil amach.
- Caithfidh na tuismitheoirí na scóláirí a fhágáil ar ais ar an oilean ag na tithe lóistín.
- Tá billeog le líonadh ag na tuismitheoirí roimh ré trí r-phost nó post agus le tabhairt do údaráis an choláiste le am cinnte imeachta agus pilleadh an scoláire.
- Ní ghlacfar le fógra ó glaoch gúthán.
- Tá gá le cead scríofa roimh ré ó thuismitheoir má tá a bpáiste ag dul amach le daoine nach a dtuismitheoirí iad.
- Níl cead ag scoláirí imeacht le cuairteoirí na bhfuil páistí leo féin ar an chúrsa.
- Caithfidh na scoláirí am imeachta agus am pilleadh a thabhairt dona mná tí.

Más gá aon athrú a dhéanamh ar na socraithe thuas tabharfar fógra seachtaine.

### Céard is ceart a dhéanamh i gcás timpiste?

- Ar dtús, cinntigh nach bhfuil aon duine i riocht go ngortófaí a thuilleadh é, má tá, bog go dtí láthair shábháilte é/iad.
- Cuir fios ar dhochtúir/banaltra & seirbhísí éigeandála más gá.
- Cuir scéal chuig an Phríomhoide chomh luath agus is féidir.
- Is ceart na scoláirí nach bhfuil gortaithe, i gcás m.sh. timpiste bus/bóthair, a thabhairt go dtí láthair shábháilte, agus duine freagrach a fhágáil leo.
- Más gá labharfaidh an Príomhoide le tuismitheoirí na scoláirí
- Tabharfaidh an Príomhoide tuairisc ar an timpiste do Bhainisteoir an Choláiste & do na húdaráis stáit cuí.
- Coinnítear taifead scríofa, le síniú agus dáta, ar an timpiste

### Féach Polasaí Leighis agus Tinnis

#### Uimhreacha Teileafóin:

Túsla: 074 9123672

Child and Family Agency , Millennium Court, Pearse Road, Letterkenny, Co Donegal

Manus: 086 3692627

Uimhir Phríomhoide: Nollaig 086 8293122

Uimhir an Ionaid Sláinte: 074 9520535

Uimir Now Doc: 1850400911

Uimhir Ospidéal Leitir Ceannain: (074)9125888

Uimhir Garda Síochána: 0749153060

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe: Nollaig: 0868293122

Leas DIA: Síle: 0868580449